Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Samhain 2026
(OR. en)

15577/26

JEUN 247
SOC 730

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le spásanna don óige a chur chun cinn do dhaoine óga

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí thuasluaite a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an seisiún a bhí aici an 19 Samhain 2026.

IARSCRÍBHINN

Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais
na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle,
maidir le spásanna don óige a chur chun cinn do dhaoine óga

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT,
AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS

MEABHRAÍONN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS:

1. Téacsanna a glacadh laistigh den Aontas Eorpach (AE) atá ábhartha do bheartas na hóige, lena n-áirítear Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027[1], agus na Conclúidí ón gComhairle maidir le spásanna sibhialta do dhaoine óga[2] chomh maith leo siúd a bhaineann le rannpháirtíocht, cuimsiú, an chothroime idirghlúine, an tsochaí shibhialta agus an rannpháirtíocht dhaonlathach.

2. Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, ina n-aithnítear na cearta atá ag daoine óga rochtain a fháil ar oideachas agus ar oiliúint, ar chomhionannas deiseanna agus ar chosaint ar idirdhealú, lena dtacaítear le pobail chuimsitheacha athléimneacha a chruthú ina bhfuil daoine óga rannpháirteach go gníomhach agus sábháilte go heacnamaíoch agus ó thaobh na sochaí de.

3. An Moladh ón gComhairle maidir le Bauhaus Eorpach Nua[3], ina moltar daoine óga a rannpháirtiú go gníomhach i spásanna poiblí agus coiteanna atá cuimsitheach agus fabhrach don óige a mhúnlú.

---

1 Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 (IO C 456, 18.12.2018).

2 Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le spásanna sibhialta a chosaint agus a chruthú do dhaoine óga lena n-éascaítear rannpháirtíocht fhóinteach na hóige (IO C 501I, 13.12.2021).

3 Moladh ón gComhairle maidir le Bauhaus Eorpach Nua (9128/26 ón gComhairle).

CHUN CRÍOCHA NA gCONCLÚIDÍ SEO:

4. Is é atá i gceist le ‘spásanna don óige’, i gcomhréir le Sprioc #9 don Óige i Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, is é sin ‘Spás agus Rannpháirtíocht do Chách’, saoráidí agus bonneagair fhisiceacha atá faoi stiúir na hóige, neamhspleách, oscailte, sábháilte, agus inrochtana do chách, ina gcuirtear tacaíocht ghairmiúil ar fáil don fhorbairt, agus a áirithíonn deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht na hóige. Cé go n-aithnítear luach agus tábhacht spásanna fíorúla sábháilte don óige, go háirithe an inrochtaineacht a chuireann siad ar fáil do dhaoine óga, dírítear sna conclúidí seo ar spásanna fisiciúla don óige i ngeall ar an deis idirghníomhaithe phearsanta a bhaineann leo agus an ról tábhachtach is féidir leo a imirt i bhforbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga.

TUGANN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS DÁ nAIRE:

5. Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Cothroime Idirghlúine[4] agus an uaillmhian atá ann a áirithiú nach gcuirfear ualach míchuí ar na glúnta atá le teacht de thoradh cheapadh beartas an lae inniu agus go mbainfidh siad uile an tairbhe chéanna as. Go háirithe, dírítear ann ar rannpháirtíocht na hóige a chuimsiú ar bhealach níos láidre i gceapadh beartas cothrom, i ndeiseanna cothroma agus in áiteanna cothroma.

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis maidir le Cothroime Idirghlúine, 7112/26 INIT + ADD 1.

AITHNÍONN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS:

6. Tá ról suntasach ag spásanna don óige maidir le tacú le forbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga, lena meabhairshláinte agus lena bhfolláine.

7. Is ann do spásanna don óige i bhfoirmeacha éagsúla agus féadfaidh siad oibriú faoi shamhlacha rialachais éagsúla ar fud an Aontais, lena n-áirítear soláthar seasta agus soghluaiste, suíomhanna laistigh agus lasmuigh, a fheidhmíonn mar mhoil phobail áitiúla agus a chuirtear in oiriúint do riachtanais daoine óga ina bpobail féin. Is féidir le heagraíochtaí óige agus le húdaráis phoiblí tacú leis na spásanna sin ar leibhéil iomchuí.

8. Is féidir le spásanna don óige feidhmiú mar thairseacha do sheirbhísí tacaíochta níos leithne trí fhaisnéis chruinn iontaofa atá fabhrach don óige a chur ar fáil agus trí dhaoine óga a threorú chuig acmhainní ábhartha.

9. Tá tábhacht ar leith ag baint le rochtain ar na spásanna óige sin a chosaint do dhaoine óga leochaileacha agus imeallaithe agus do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha, dídeanaithe, daoine LADTI[5], daoine faoi mhíchumas agus iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, eacnamaíoch agus geografach, lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí sna réigiúin is forimeallaí, chomh maith le ceantair inar tearc an daonra, ceantair thuaithe agus iargúlta.

5 Féach chomh maith an Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030, COM(2025) 725 final).

10. Spásanna don óige, lena bhféadfaí spásanna sibhialta a áireamh, deiseanna a chur ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht fhóinteach na hóige, daoine óga a chumhachtú chun saincheisteanna a tharraingt anuas agus iad féin a chur in iúl, dul i ngleic le raon dearcthaí éagsúla, cur i gcoinne na bréagaisnéise agus na mífhaisnéise, chomh maith le muinín agus scileanna a fhorbairt chun gur féidir leo a bheith ina saoránaigh ghníomhacha rannpháirteacha ina bpobail féin, lena n-áirítear trí fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil.

11. Is féidir le spásanna don óige feidhmiú mar ardáin le haghaidh idirphlé agus comhar idirghlúine, lena gcothaítear comhthuiscint idir daoine óga agus glúnta eile. Is féidir leis na spásanna sin feidhmiú freisin mar ardáin chun dea-chleachtais a mhalartú maidir le deiseanna Eorpacha agus idirnáisiúnta don óige amhail an obair dheonach agus an tsoghluaisteacht.

12. Tá ról tábhachtach ag an obair óige agus ag oibrithe óige, in éineacht le heagraíochtaí óige, i bhforbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga, agus iad ag tacú leo caidrimh thábhachtacha a fhorbairt atá bunaithe ar mhuinín, lena bpiaraí agus le daoine fásta.

13. Tá ról lárnach ag an obair óige agus ag oibrithe óige, in éineacht le heagraíochtaí óige, maidir le hathléimneacht dhaonlathach daoine óga a neartú trí spásanna sábháilte cuimsitheacha don óige a chruthú inar féidir le daoine óga scileanna smaointeoireachta criticiúla agus rannpháirtíochta a fhorbairt lena gcothófar braistint na freagrachta sibhialta.

COMHAONTAÍONN SIAD MAIDIR LEIS AN MÉID SEO A LEANAS:

14. Ar fud an Aontais, níl dóthain spásanna fisiciúla ar fáil do dhaoine óga a fhéadfadh feidhmiú mar spásanna don óige.[6]

15. An laghdú ar líon na spásanna don óige atá sábháilte, cuimsitheach agus inrochtana, is saincheist é atá ag éirí níos tábhachtaí ar fud na mBallstát, agus is ábhar imní atá ag dul i méid do dhaoine óga é rochtain ar na spásanna sin a choinneáil ar bun[7].

16. I gcomhthéacs an digitithe agus na húsáide scáileán a bheith ag dul i méid i measc daoine óga, d'fhéadfadh spásanna fisiciúla don óige deiseanna luachmhara a chur ar fáil don idirghníomhaíocht i bpearsa, don chuimsiú sóisialta, don ghníomhaíocht choirp, don fholláine agus do rannpháirtíocht dhearfach an phobail, agus na rioscaí a bhaineann le leibhéil mhéadaitheacha uaignis i measc daoine óga a mhaolú ag an am céanna[8].

17. Is toisc thábhachtach é cistiú inbhuanaithe, inrochtana agus simplithe, lena n-áirítear cistiú ó ionstraimí an Aontais, maidir le hinfhaighteacht, cáilíocht agus cuimsitheacht spásanna don óige.

18. Mar thoradh ar rochtain éagothrom ar spásanna don óige, d'fhéadfadh daoine óga, go háirithe iad siúd atá i gceantair thuaithe agus iargúlta, a bheith eisiata ó spásanna don óige a d'fhéadfadh ról ríthábhachtach a bheith acu i bhforbairt phearsanta, shóisialta agus shibhialta na ndaoine óga sin.

19. Ar fud na mBallstát, tá éagsúlachtaí ann ó thaobh leibhéil na n-infheistíochtaí agus na gcreataí beartais le haghaidh spásanna fisiciúla do dhaoine óga go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta.

---

6 ECFE, *Recommendation of the Council on creating better opportunities for young people* [Moladh ón gComhairle maidir le deiseanna níos fearr a chruthú do dhaoine óga], Cruinniú den Chomhairle ar leibhéal na n-airí, an 9-10 Meitheamh, JT03497457; Fóram Eorpach na nÓg, an tInnéacs maidir le Dul Chun Cinn na hÓige 2023.

7 ECFE, *The Protection and Promotion of Civic Space: Strengthening alignment with International Standards and Guidance* [An Spás Sibhialta a Chosaint agus a Chur Chun Cinn: ailíniú le Caighdeáin agus Treoir Idirnáisiúnta a neartú], 2022.

8 Suirbhé ón Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) maidir leis an uaigneas san Aontas Eorpach. https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC125873

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

20. Forbairt cur chuige tras-rialtais atá bunaithe ar fhianaise agus straitéiseach a chur chun cinn maidir le spásanna don óige a mhapáil, tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad a fhorbairt amach anseo, ar cur chuige é lena mbeidh baint, i gcás inarb iomchuí, ag údaráis áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, eagraíochtaí óige, oibrithe óige agus daoine óga iad féin.

21. Tacú le taighde, bailiú sonraí agus forbairt eolais maidir le tionchar spásanna don óige chun cuimsiú, rannpháirtíocht, folláine agus rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú i measc daoine óga.

22. Príomhshruthú na hóige a chur chun cinn a thuilleadh i bhforbairt agus i gcur chun feidhme beartas a bhaineann le spásanna don óige ar fud suíomhanna laistigh agus lasmuigh, lena n-áirítear spásanna sibhialta agus spásanna eile ina mbíonn daoine óga ag idirghníomhú, ag déanamh teagmháil agus ag bualadh le chéile.

23. Féachaint, in éineacht le daoine óga, ar bhealaí chun spásanna don óige atá ann cheana a chaomhnú, machnamh a dhéanamh ar spásanna nua don óige a bhunú, agus, i gcás inarb iomchuí, bearta a chur chun feidhme chun cáilíocht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht na spásanna sin a fheabhsú do gach duine óg.

24. Leas iomlán a bhaint, i gcás inarb iomchuí, as ionstraimí cistiúcháin ábhartha an Aontais atá ann cheana chun tacú le spásanna don óige a bhunú, a chaomhnú, a oibriú agus a fheabhsú.

25. Forbairt spásanna inrochtana agus sábháilte don óige a spreagadh agus tacú leo, ar spásanna iad lena gcuirtear deiseanna ar fáil do dhaoine óga le haghaidh idirghníomhaíocht i bpearsa agus naisc shóisialta fhiúntacha, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le claochlú digiteach na sochaí.

26. Feasacht agus inrochtaineacht mhéadaithe do gach duine óg ar spásanna sábháilte cuimsitheacha don óige a chur chun cinn trí fhaisnéis agus for-rochtain atá fabhrach don óige, lena n-áirítear bearta atá dírithe ar dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu.

27. Aitheantas a thabhairt don ról atá ag oibrithe óige agus ag eagraíochtaí óige maidir le spásanna don óige a chur ar fáil agus tacú leo agus mar ghníomhaithe tábhachtacha ó thaobh saoránacht ghníomhach a fhorbairt agus a chur chun cinn i measc daoine óga agus chun a n-athléimneacht dhaonlathach a chothú agus chun idirphlé agus comhar idirghlúine a spreagadh.

28. Féachaint ar bhealaí chun cumas oibrithe óige a fhorbairt agus a neartú chun luach spásanna don óige a fheabhsú a thuilleadh, chun rochtain ar dheiseanna fóinteacha a chur ar fáil, agus chun tacú le daoine óga a n-acmhainneacht a bhaint amach.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

29. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme bheartais ábhartha uile an Aontais agus a áirithiú go ndéanfar tuairimí agus ábhair imní daoine óga, chomh maith le saineolas earnáil na hoibre don óige, go háirithe maidir le spásanna don óige, a chur san áireamh go leordhóthanach i ngach beartas agus cinneadh a dhéanfar amach anseo.

30. Machnamh a dhéanamh ar chomhroinnt eolais agus malartú dea-chleachtas a chur chun cinn chun tacú leis na Ballstáit ina gcur chuige straitéiseach maidir le spásanna don óige a fhorbairt ar bhonn leanúnach agus amach anseo, lena n-áirítear trí líonraí atá ann cheana, amhail Grúpa an Aontais um Páirtithe Leasmhara na hÓige, an Chomhpháirtíocht Óige idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa agus líonra Ghníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

31. Comhchruthú, dearadh agus rialachas spásanna don óige a chur chun cinn le rannpháirtíocht ghníomhach oibrithe óige agus daoine óga, lena n-áiritheofar ní hamháin go mbeidh rochtain fhisiceach ar spásanna don óige ach go mbeidh siad cuimsitheach go sóisialta, agus rannpháirteach agus freagrúil ar riachtanais atá ag teacht chun cinn chomh maith.

32. Ról breise a thabhairt do dhaoine óga i bpleanáil agus i gcur chun feidhme chláir agus thionscnaimh an Aontais a bhfuil tionchar acu ar a saol, go háirithe maidir le spásanna don óige, trí phríomhshruthú na hóige, agus trí chur i bhfeidhm na Seiceála Óige agus phrionsabal na cothroime idirghlúine.

33. Leanúint de na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile a chur chun cinn agus a chur ar an eolas faoi raon iomlán na gcistí, na n-uirlisí comhair agus na gclár de chuid an Aontais atá ann cheana agus atá ar fáil chun spásanna don óige a fhorbairt agus a chothú agus chun tacú le daoine óga san Eoraip a bheith ina saoránaigh ghníomhacha rannpháirteacha de chuid an Aontais. D'fhéadfaí an fhaisnéis sin a scaipeadh trí ionstraimí agus uirlisí Eorpacha atá ann cheana, amhail Tairseach Eorpach na hÓige, Vicí don Óige nó Eurodesk.

34. Tacú le taighde, bailiú sonraí agus forbairt eolais maidir le tionchar spásanna don óige ó thaobh cuimsiú, rannpháirtíocht, folláine agus rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú i measc daoine óga.